



Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoile Caitlicí seo á Ceiliúradh

Tugann Seachtain na Scoileanna Caitliceacha deis thábhachtach bhliantúil do phobail na scoileanna Caitliceacha ceiliúradh a dhéanamh ar 'cé hiad' agus ar 'cad a dhéanann siad'. Is í aidhm Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019 ná béim bhríoch a chur leis an gceiliúradh tríd an scoil Chaitliceach a shuí go lárnach ann. Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019 ná 'Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoile Caitlicí seo á Ceiliúradh' agus tugaimid cuireadh do na Scoileanna Caitliceacha machnamh a dhéanamh ar an ngaol atá idir an scoil, an paróiste agus an baile, agus é sin a cheiliúradh trí pháirt a ghlacadh in dhá eachtra caiticeasmach.

Imeacht Caiticeasmach Ullmhúcháin – Mí na Samhna 2018 'Mí na Marbh'

Bainfidh imeacht caiticeasmach ullmhúcháin amháin i Mí na Samhna 2018 le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019 maidir le 'Mí na Marbh'. Tá an eachtra seo fréamhaithe sa ghealltanais a thug Íosa dúinn nuair a dúirt sé: "Mise an t-aiséirí agus an bheatha; An té a chreideann ionamsa, fiú amháin má fhaigheann sé bás, mairfidh sé." (Eoin 11:25–6). Is é an dóchas atá ionainn mar Chríostaithe, nach é an bás an deireadh ar fad, ach nuair a tharlaíonn sé, go ndéanfar sinne a athaontú go síoraí le hÍosa i ríocht na bhflaitheas. Má ghlacann pobail na Scoileanna Caitliceacha páirt san imeacht beidh deis ann creideamh na Cásca a cheiliúradh go lúcháireach.

Déanann an Eaglais, mar chomhluadar na dteaghlach, comóradh i rith Mhí na Samhna (Mí na Marbh) orthu siúd a fuair bás a raibh an creideamh san aiséirí go smíor iontu. Nuair a bhímid ag smaoineamh i rith na míosa orthu siúd a d'ímigh romhainn, tugtar cuireadh do na scoileanna Caitliceacha (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna) dul i ngleic leis na hacmhainní a gcuirtear ar fáil mar ullmhúchán do Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019. Tá na hacmhainní seo fréamhaithe sa ghealltanais a thug Íosa dúinn nuair a dúirt sé: "Mise an t-aiséirí agus an bheatha; An té a chreideann ionamsa, fiú amháin má fhaigheann sé bás, mairfidh sé." (Eoin 11:25–6). Is é aidhm na n-acmhainní seo ná cabhair a chur ar fáil do phobail na scoileanna Caitliceacha machnamh chomh maith le ceiliúradh a dhéanamh le linn Mhí na Marbh, agus iad ag ullmhú do cheiliúradh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019 a thosódh ar 27 Eanáir 2019.

Acmhainní don Bhunscoil:

- Ábhar oiriúnach ón gcuraclam don Oideachas Reiligiúnach Réamhscoile agus Bunscoile Caitliceach in Éirinn.
- Ceacht Sóisearach (N. Bheaga–Rang 2/P1-P4)
- Ceacht Sinsearach (Rang 3–Rang 6/P5-P7)
- Seirbhís Urnaithe Chuimhneacháin

Acmhainní don Iar-bhunscoil:

- 1 Plean Ceachta don tSraith Shóisearach
- 1 Plean Ceachta don tSraith Shinsearach
- 1 Acmhainn Liotúirgeach





Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoile Caitlicí seo á Ceiliúradh

Leanfar den nós seanbhunaithe maidir le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019 a reáchtálfar ón 27 Eanáir go dtí 3 Feabhra 2019. Mar a tharla go dtí seo, bainfidh téama éagsúil in aghaidh an lae le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019 agus beidh acmhainní cuí ar fáil do na grúpaí seo leanas:

Bunscoileanna

N. Shóisearacha & N. Shinsearach (P1 & 2)
Rang 1 & Rang 2 (P3 & 4)
Rang 3 & Rang 4 (P5 & 6)
Rang 5 & Rang 6 (P7)

Iar-bhunscoileanna

- 3 Cheacht don tSraith Shóisearach (Luan, Máirt, Déardaoin)
- 2 Cheacht don tSraith Shinsearach (Céadaoin, Aoine)
- 1 Acmhainn Liotúirgeach
- 1 Machnamh don Fhoireann & Bord Bainistíochta

Téamaí an Lae:

Luan: Traidisiún Beo na Scoile Caitlicí
Máirt: Fáilte roimh Ilchineálacht sa Scoil Chaitliceach
Céadaoin: Lá na Seantuismitheoirí/Oideachas Idirghlúine
Déardaoin: An Scoil Chaitliceach ag Freastal ar an bPobal
Aoine: An Creideamh á Cheiliúradh sa Scoil Chaitliceach

Ar an gCéadaoin déanfar Lá na Seantuismitheoirí a cheiliúradh. Beidh moltaí ann maidir le hobair ranga ar an topaic sin.

Beidh seirbhís urnaí ar fáil le húsáid ar scoil nó sa seomra ranga, agus moltaí chomh maith maidir le ceiliúradh paróisteach don Domhnach 27 Eanáir.

Tá gach acmhainn ar fáil as Béarla.

Gach acmhainn ar fáil ag www.catholicschools.ie.

